Ionmhain an feart i bhfuil Brian
[O'Conor Don, 153a]
[Rannaíocht Mhór, Dán Díreach]

1 Ionmuin an fert a bfhoil Brían
mo serc do luid ar a lúadh
fert í Chuinn nachar chlecht síodh
do bhuing diom fa tshecht mo shúan.
2 An tí ararbh eólach gach áon
'S nar dheorach um dhíol na súadh
'S rérbh ionmuin gach dream re dán
ionmhuin 's as cradh lem a lúadh.
3 On réultain dob iomlán n-áigh
ní feduim iompadh dom úidh
ionmhuin arna mhes a mhéin
cnes séimh darb iomdaidh an úir.
4 Mé an file do chlecht a chion
frémh ar ccridhe an fert 'sa fer
mo serc an cumann[r] an col
mo tol an derc mongd[h]onn mer.
5 Mo rún an mhala gan mairc
duinn do budh cara gan cheilg
mo crádh an creidem[r] gan tuilcc
grádh ar n-úird aignedh gan feirg.
6 Mo creach an bél nach báoth glór
'sa[n] déd daithgheal fa sáor snúadh
bas náoidhe lér eirigh ágh
lámh do réidhigh dáoire drúagh.
7 Bía[i]dh ar ndile dáib go hég
mo croidhe gé do cráidh síad
na grúaidhe 's an aghadh óg
rabadh fa fhód úaidhe iad.
8 Ge cúis tuirrse ar chin ó Chonn
a-niú gan coimdhe ósa ccionn
gan da ccoimdhe acht coiméd ceall
doilghe cenn na bfhoigeg bfionn.
9 Gé tá giall Uladh a n-úir [153b]
a nÁth Cliath na ccupadh n-óir
fa éigne chúain Témra an Trír
do-chinn slúaigh go menmain mhóir.
10 Ni faicfe mé misde dhúin
mo seisi d'Íbh Neill mo-núar
gnúis an té do char an chlíar
go rabh ar slíabh na sé slúagh.
11 Slán Gáoideal ar nguin ar-ís
a n-áoinfer ni fuil mo spéis
m'urraidh comhuill mo craobh chnúais
gan gúais d'áon oruinn da éis.
12 Nírb íad sin m'aisgedha úadh

an gaisgedhach nár shir síodh
tug Brían tar gach nduine dhún
a rún riamh ’s a uille um fhíon. Ionmain...